studyclix.ie
makes exams easier

# **Colscaradh** | Sample Answer

## LC OL 2019 (b)

(i) Inis i d'fhocail féin, cén saghas duine é an fear sa dán. (Is leor dhá phointe eolais.) *(Say in your own words, what sort of person the man in the poem is. Two points of information is sufficient.)*

Is fear traidisiúnta, **seanaimseartha** *(traditional, old fashioned)* é an fear sa dán seo. **Tá sé ag iarraidh** *(he wants)* **go bhfanfaidh** *(will stay)* a bhean chéile sa bhaile, 'ar leac a thine'. Ba mhaith leis an bhfear **a lán páistí a bheith acu** *(to have a lot of children)* freisin. **Tá sé seo le feiceáil** *(this is seen)* sa chéad véarsa nuair a deir an file 'i dtógáil chlainne'.

(ii) Scríobh síos, i d'fhocail féin, na príomhsmaointe atá i véarsa a dó. (Is leor dhá phointe eolais.) *(Write down in your own words the main ideas of verse two. Two points of information is sufficient.)*

Déanann an file cur síos ar céard atá an bhean ag iarraidh i véarsa a dó. Ar an gcéad dul síos, tá an bhean ag iarraidh 'saoire thar lear' **i dtíortha eile** *(in other countries)*. Níl sí ag iarraidh **fanacht sa bhaile** *(to stay at home)* cois tine leis na páistí.

Ar an dara dul síos, ba mhaith leis an mbean 'leath den chíste'. Ba mhaith leí **an t-airgead a roinnt** *(share the money)* lena fear céile. Tá **comhionannas sa chaidreamh** *(equality in the relationship)* tábhachtach don bhean, cinnte.

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor dhá fháth.) *(Do you like this poem? Give reasons for your answer. Two reasons are sufficient.)*

Is maith liom an dán seo, **gan amhras** *(without a doubt)*. Is dán **nua-aimseartha** *(modern)* é mar níl an bhean ag iarraidh **a bheith sa bhaile an t-am ar fad** (to be at home all the time). Ba mhaith leí **taisteal ar fud an domhain** *(travel all over the world)*. **Mar léitheoir** *(as a reader)*, **aontaím leí air seo** *(I agree with her on this)*. Is maith liom go bhfuil an bhean láidir, **neamhspleách agus cróga** *(strong, independent and brave)* sa dán seo.

**Chomh maith leis sin** *(as well as that)*, is breá liom **na híomhánna** *(imagery)* atá le feiceáil sa dán seo. Úsáideann an file **íomhánna láidre** *(strong imagery)* i ngach líne sa dán seo. Mar léitheoir táim ábalta an bhean, an fear agus a bpáistí cois tine **a shamhlú** *(imagine).* Tá an íomhá seo **teolaí agus gleoite** *(cosy and cute).* Sa dara véarsa, úsáideann an file íomhá láidir den bhean atá ag iarraidh dul **thar lear** *(abroad)* ar laethanta saoire. Tá an íomhá seo **deas agus cumhachtach** *(lovely and powerful).*